# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

Freagair **sé** cheist ar bith.
Tá 60 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 48 marc ag gabháil le gach ceist eile.
Scríobh do chuid freagraí go léir sa fhreagarleabhar.

**Iomlán na Marcanna: 300 marc.**

**1.** Freagair **sé cinn** ar bith de na codanna (a) – (j).

(a) (i) Ainmnigh planda monacotailéadónach **amháin** agus planda déchotailéadónach **amháin**.
(ii) Liostaigh **dhá** dhifríocht idir plandaí monacotailéadónacha agus plandaí déchotailéadónacha.

(b) Tabhair **trí** thréith ag baill na haicme *Mammalia.*

(c) (i) Luaigh **dhá** mhodh trína scaiptear síolta fiailí.
(ii) Maidir le **gach** modh ar leith, ainmnigh fiaile choitianta a bhaineann úsáid as an modh scaipthe sin.

(d) Luaigh an suíomh beacht **agus** an fheidhm atá ag **gach ceann** ar leith díobh seo a leanas i gcorp ainmhí feirme.
(i) Ailbheolas.
(ii) Fíochán saille.
(iii) Abomasam.

(e) Ba cheart gairbhseach a bheith san áireamh in aiste bia lao.
(i) Mol cúis le gairbhseach a bheith san áireamh.
(ii) Cén uair a thugtar gairbhseach don lao ar dtús?
(iii) Ainmnigh bia oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid mar ghairbhseach.

(f) Mínigh an téarma talmhaíochta *trambhealaí* **agus** luaigh **dhá** chúis a mbaintear úsáid astu.

(g) Déan comparáid idir cloch aoil agus cloch eibhir mar mháthairábhair i ndéantús ithreach.

(h) I **ngach ceann** ar leith de na cásanna seo a leanas, ainmnigh an cineál cilldeighilte
(i) a tháirgeann ceithre mhac-chill ó mháthairchill amháin,
(ii) a tháirgeann mac-chealla haplóideacha **i gcónaí**,
(iii) a dtarlaíonn crosmhalartú lena linn.

(i) Luaigh an fheidhm atá ag **gach ceann** ar leith de na fíocháin phlanda seo a leanas.
(i) Xiléim.
(ii) Míristéama.
(iii) Pailis.

(j) (i) Cuir in iúl *meánmhéid an áil* **agus** spriocuimhir na m*banbh a scoitear in aghaidh na bliana* ag cráin.
(ii) Mol **dhá** bhealach ina bhféadfaí líon na mbanbh in aghaidh na bliana a mhéadú.

**(60 marc)**

**2.** (a) Is minic a chuireann Cumann Treabhdóireachta na hÉireann a chraobhchomórtais ar siúl ar ithreacha donna.
(i) Mol **dhá** chúis a bhfuil a leithéidí d'ithreacha oiriúnach i gcomhair na curaíochta.
(ii) Tarraing léaráid mhór lipéadaithe de phróifíl d'ithir dhonn.

(b) Mínigh an chaoi a bhfuil tionchar ag uigeacht ithreach **ainmnithe** orthu seo:
(i) piochspásanna,
(ii) gluaiseacht uisce,
(iii) torthúlacht.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh saotharlainne chun tionchar easpa fosfáite i bplanda a léiriú.

**(48 marc)**

**3. Rogha a hAon**

(a) Agus úsáid á baint agat as tábla nó as píchairt, taispeáin comhdhéanamh bainne bó.

(b) (i) Liostaigh **ceithre** thoisc ar féidir leo comhdhéanamh an bhainne a athrú.
(ii) Mínigh go hiomlán aon **dá cheann** de na tosca a luaitear thuas.

(c) Is fadhb an t-éilliú bainne i bpróiseáil bainne.
(i) Liostaigh **trí** ábhar salaithe bainne.
(ii) Déan cur síos ar thurgnamh chun cáilíocht shláinteach bainne a thástáil.

**(48 marc)**

**NÓ**

**3. Rogha a Dó**

(a) Déan plé ar an ról a bhíonn ag *scanadh* i dtógáil caorach.

(b) (i) Mínigh an téarma *athair ceann cúrsa* mar a bhaineann sé le pórú caorach.
(ii) Mol **dhá** phór a d'fhéadfaí a úsáid mar aithreacha ceann cúrsa.
(iii) Tabhair cúis le **gach** rogha ar leith a rinne tú i gcuid (ii).

(c) Déan comparáid idir *beathú réamhreithíochta* agus *grodbheathú* mar straitéisí beathaithe i dtáirgeadh caorach.

**(48 marc)**

**4.** I gcás aon **dá** cheann díobh seo a leanas, déan cur síos ar mhodh saotharlainne **nó** allamuigh:

(a) Chun cáilíocht sadhlas féir a mheas.

(b) Chun sampla de chealla planda a ullmhú le scrúdú faoi mhicreascóp.

(c) Chun a thaispeáint go bhfuil dé-ocsaíd charbóin riachtanach le haghaidh na fótaisintéise.

(d) Chun malartú caitian in ithir a léiriú.

**(48 marc)**



**[THALL**

**5.** (a) Tabhair **ceithre** chúis a bhfuil an t-achar faoi churaíocht **cruithneachta** i bhfad níos lú ná an t-achar faoi churaíocht **eorna** in Éirinn.

(b) Tabhair cúis le **gach ceann** de na cleachtais seo a leanas i saothrú prátaí.
- (i) Péacadh.
- (ii) Dó na ngas.
- (iii) Lánú (taoscadh).
- (iv) Síol deimhnithe á úsáid.

(c) Cuir síos go hachomair ar **cheithre** chúis le caillteanas prátaí le linn a stórála.

**(48 marc)**

**6.** (a) (i) Tarraing an graf tipiciúil le haghaidh chuar an fháis sa chóras táirgthe dhá bhliain 'lao go feoil'.

(ii) Ar do ghraf taispeáin go soiléir:

1. Spriocmheáchain na n-ainmhithe nuair atáthar á gcur faoi dhíon sa chéad gheimhreadh **agus** sa dara geimhreadh.
2. An áit a dtosaíonn fás cúiteach.

(iii) Mol aiste bia oiriúnach d'eallach mairteola sa chéad gheimhreadh **agus** sa dara geimhreadh.

(b) Mol clár oiriúnach chun maistíteas a chosc i dtréad déiríochta a bheireann san earrach.

(c) Tabhair breac-chuntas ar ról hormóin **amháin** ar bith agus bainne á tháirgeadh ag bó ar a bleacht.

**(48 marc)**

**7.** (a) Mínigh **trí** cinn ar bith de na téarmaí seo a leanas:
- (i) Gnéasnascadh.
- (ii) Éagsúlacht leanúnach.
- (iii) Barra géinathraithe (GM).
- (iv) Déscoilteadh.

(b) I dtrialacha gránaigh ar choirce, rinneadh an cineál íonphóraithe Barra, a bhfuil a ghas tuairim is 500 mm ar fad, a chrosáil leis an gcineál íonphóraithe Evita, a bhfuil a ghas tuairim is 800 mm ar fad. Bhí an gas ar an hibrid, a bhí mar thoradh ar an gcrosáil, tuairim is 650 mm ar fad.

(i) Agus úsáid á baint agat as B chun an ghéin '500 mm' a léiriú agus E chun an ghéin '800 mm' a léiriú, taispeáin cén chaoi ar tharla an toradh sin.
(ii) Agus cearnóg Punnett nó modh oiriúnach eile á úsáid agat, taispeáin na géinitíopaí agus na feinitíopaí **comhoiriúnacha** a bheadh mar thoradh ar chrosáil idir dhá cheann de na hibridí nua.

(c) Déan cur síos ar mhodh nádúrtha **amháin** d'atáirgeadh fásúil i bplandaí.

(d) Luaigh **dhá** chúis le hainmhithe fireannacha a choilleadh ar fheirmeacha.

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b), (c).

(a) Déan cur síos, le cúnamh léaráide lipéadaithe, ar an gcaoi a ndéantar an dúil nítrigin a athchúrsáil sa dúlra.

(b) "Beidh ról i gcónaí ag an bhféar tirim i bhfeirmeoireacht na hÉireann."

(i) Déan an ráiteas sin a chosaint.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** phríomhchéim i leasú féir mar fhéar tirim.

(c) Tabhair cuntas ar na príomhdhifríochtaí idir na baill i **dtrí** cinn ar bith de na péirí seo a leanas:

(i) Péist scamhóige agus borrphéist.

(ii) Aonad póraithe agus aonad críochnaithe.

(iii) Barr breise agus barr cumhdaigh.

(iv) Zónóisí agus zóspóir.

**(48 marc)**

**9.** Tabhair míniú eolaíochta ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:

(a) Tábhacht an phailnithe i bplandaí.

(b) Éileamh níos mó ar fhuinneamh ag ainmhithe a choimeádtar amuigh sa gheimhreadh.

(c) Paistí loma le feiceáil ar thalamh inar cuireadh gránbharr le gairid.

(d) Na buntáistí a éiríonn as criosanna foscaidh ar fheirmeacha rite.

(e) Collach a lonnú i dtithe cránacha seasca.

**(48 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán